Seán Ó Conraoi
ÁIT Ti Conáin,
Béal an Mhuirthead
Co. Mhaigh Eo

**02.08.2026**

**Tuairim maidir le Feirm Ghaoithe Muing Mhór**
**Uimhir an Cháis: PAX16.324387**

A Chara,

Is mise Seán Ó Conraoi agus tá mé go hiomlán i gcoinne na forbartha seo.

Mar chainteoir Gaeilge, bhí díomá agus fearg orm nuair a tugadh eolas mícheart dúinn sna fógraí Gaeilge. Bhí dáta mícheart luaite agus ní raibh sé soiléir dom cén dáta a bhí ceart. Níor cheart go mbeadh ar dhaoine sa Ghaeltacht buille faoi thuairim a thabhairt faoi spriocdháta chomh tábhachtach sin. Ba cheart go mbeadh an t-eolas céanna, ceart agus soiléir, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Ní oireann an fhorbairt seo don cheantar. Tá na tuirbíní atá beartaithe an-mhór agus d'athródh siad cuma agus carachtar an tírdhreacha go hiomlán. Bheadh siad le feiceáil ó achar fada agus bheadh tionchar acu ar an gceantar ar feadh na mblianta.

Tá turasóireacht an-tábhachtach d'Iorras agus do Mhaigh Eo. Tagann daoine anseo mar gheall ar an tírdhreach, an fharraige, an chiúnas agus an nádúr. Tá Bealach an Atlantaigh Fhiáin ar cheann de na sócmhainní is mó atá againn. Ní fheicim conas a rachadh tuirbíní den mhéid seo, bóithre nua, bonneagar leictreach agus stáisiún mór ceallraí chun tairbhe don turasóireacht áitiúil.

Caithfimid ceantair thuaithe Ghaeltachta a chosaint. Tá brú mór ar na ceantair seo cheana féin. Ní féidir leanúint ar aghaidh ag cur forbairtí móra tionsclaíocha i gceantair leochaileacha agus ag súil nach mbeidh aon tionchar acu ar an bpobal, ar an teanga ná ar an tírdhreach.

Tá go leor tuirbíní i gceantar Bhéal Átha Chonaill agus Bhéal Chorrac cheana féin. Tá Maigh Eo tar éis cuid mhór d'fhorbairt fuinnimh gaoithe na tíre a ghlacadh. Níor cheart go mbeadh ar Iorras glacadh le forbairt mhór eile ar an scála seo.

Tá an fiadhúlra thar a bheith tábhachtach don cheantar agus do na daoine a chónaíonn anseo. Luaitear speicis chosanta i ndoiciméid an fhorbróra féin. Léiríonn sé sin go bhfuil an suíomh íogair. Nuair atá speicis agus gnáthóga cosanta i gceist, ní leor a rá go ndéanfar monatóireacht orthu níos déanaí.

Tá an portach tábhachtach freisin. Stórálann sé carbón, tacaíonn sé leis an bhfiadhúlra agus cuidíonn sé le huisce a choinneáil agus a scaoileadh go mall. Ach tá tábhacht eile leis chomh maith. Is cuid dár n-oidhreacht é. Tá sé ceangailte le saol, obair agus stair mhuintir an cheantair.

Tá stair shaibhir sa cheantar seo. Tá crannóga agus láithreáin seandálaíochta ann a léiríonn go raibh daoine ina gcónaí anseo leis na céadta agus na mílte bliain. Níor cheart an oidhreacht sin a chur i mbaol mar gheall ar fhorbairt nach n-oireann don áit.

Tá imní orm freisin go bhfuil an iomarca sonraí tábhachtacha fágtha go dtí tar éis cead pleanála. Luaitear go ndéanfaí pleananna, bearta sábháilteachta, monatóireacht agus sonraí eile a thabhairt chun críche níos déanaí. Níl sé sin cothrom. Caithfidh an pobal agus An Coimisiún Pleanála a bheith in ann an fhorbairt iomlán a mheas sula ndéantar cinneadh.

Ba cheart go mbeadh na sonraí iomlána san iarratas ón tús. Má tá eolas tábhachtach ar iarraidh anois, níor cheart cead a thabhairt agus na bearnaí a líonadh ina dhiaidh sin.

Ar na cúiseanna seo, iarraim ar An Coimisiún Pleanála cead a dhiúltú don fhorbairt seo.

Is mise le meas,

**Seán Ó Conraoi**